




## 7.0 Príomhshuímh na Gníomhaíochta

## 7.9 Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

Ba lonnaithe i bhFaiche Stiabhna, páirc dhronuilleogach a chlúdaíonn beagnach 20 acra agus atá suite míle ó dheas ó Ard-Oifig an Phoist agus gar do Jacob's, a bhí an Ceannfort Michael Mallin agus a leascheannasaí, an Chuntaois Markievicz. Bhí thart ar 400 ball in Arm Cathartha na hÉireann ag an am; meastar go raibh 200-250 acu páirteach san Éirí Amach, agus go raibh a bhformhór faoi threoir Mallin i gceantar Fhaiche Stiabhna. Ba le Seán Connolly i Halla na Cathrach a bhí na daoine nach raibh le Mallin.

D'éirigh le Mallin a chumhacht a neartú, chuir sé fir ar post i gcuid de na tithe a raibh radharc ar Fhaiche Stiabhna acu agus d'ordaigh sé go ndéanfaí trinsí a thochailt ionas go gcuirfí bac ar na bealaí isteach chuig an bhfaiche. Chuir sé grúpaí chomh fada le stáisiún iarnróid Shráid Fhearchair, teach tábhairne J. & T. Davy ag an acomhal idir Sráid Richmond Theas agus Meal Charlemont, agus tithe ag droichead Shráid Líosain. Ba ghearr gur léir go raibh Faiche Stiabhna i baol, mar go raibh radharc air ó Óstán an Shelbourne agus roinnt foirgneamh ard eile nach raibh forghafa ag fórsaí Mallin.

Bhí taithí mhíleata ag Mallin sa mhéid is go raibh 14 bliain caite aige in Arm na Breataine, agus i rith an ama sin rinne sé seirbhís mar oifigeach neamhchoimisiúnaithe (NCO) ar feadh tamaill. De réir dealraimh, nuair a roghnaíodh Faiche Stiabhna mar shuíomh, bhíothas ag súil go mbeadh dóthain fear ann chun Óstán an Shelbourne a ghabháil mar aon leis na

foirgnimh arda eile ar fad, ach ní raibh.  Thosaigh Arm na Breataine ar inneallghunnaí a scaoileadh ón Shelbourne i dtreo na Faiche go deireanach ar an Luan, agus dá bharr sin rinne Mallin an chuid is mó den áit a thréigean ar an Máirt.

Ansin chuir formhór na bhfórsaí de chuid Arm Cathartha na hÉireann garastún i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn go díreach ar an taobh thiar d'Fhaiche Stiabhna. Ó tharla gur dírithe ar Ard-Oifig an Phoist agus ar na Ceithre Cúirteanna a bhí an Ginearál Lowe, ní raibh ról lárnach ag garastún Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn sna himeachtaí go dtí gur tugadh an t-ordú  dóibh ar an Domhnach ina dhiaidh sin gur chóir dóibh géilleadh.

## 7.9 Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn




Map showing the St Stephen's Green and Royal College of Surgeons area.
(Ordnance Survey, 1:2,500 (25 inches to mile), Dublin, sheet XVIII, 1911; scale altered).

## 7.9 Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn




The Shelbourne Hotel at the north-east corner overlooked most points within St Stephen's Green. (Dublin and the "Sinn Féin" Rising, Wilson Hartnell & Co., 1916).

## 7.9 Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn




J. & T. Davy's (now 'Portobello') public house at the junction of South Richmond Street and Charlemont Mall. Mallin sent a small party of ICA under Sergeant Joe Doyle to occupy and delay the advance of troops from Portobello Barracks (now Cathal Brugha Barracks) some hundreds of yards across the Grand Canal to the south. Doyle and his men were dislodged later that day. (Dublin and the "Sinn Féin" Rising, Wilson Hartnell & Co., 1916).

## 7.9 Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn




The Royal College of Surgeons overlooked St Stephen's Green from the west. (Album 254).

## 7.9 Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn



Countess Constance Markievicz, second in command to Mallin. She was a daughter of Sir Henry Gore-Booth of Lissadell House, Drumcliffe, Co. Sligo, and wife of a Polish count. (Illustrated London News, 6 May 1916).

## 7.9 Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn



Countess Markievicz with a Fianna Éireann group, the youth organization she established with Bulmer Hobson in 1909.

7.9 | Faiche Stiabhna agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

824 GORE-BOOTH.



GORE-BOOTH, SIR JOSSLYN AUGUSTUS RICHARD, of Lissadell, co. Sligo, BART. (1760, I.), D.L., J.P. co. Sligo; s. his father as 6th Baronet in 1900; b. 23 Feb. 1869; heir presumptive, his brother Mordaunt.

ARMS—Quarterly, 1st and 4th, Arg., a chaplet of roses between three boars' heads erect and erased sa.; 2nd and 3rd, Gu., a fesse between three cross-crosslets fitchée or.
CRESTS—1st, A lion passant pean, the dexter fore-paw resting on a chaplet as in the arms. 2nd, A wolf rampant arg.
MOTTOES—Genti æquus utrique. Above the Booth crest—Quod ero spero. Above the Gore crest—In hoc signo vinces.
SEAT—Lissadell, Carney, co. Sligo.

## Lineage.

SIR FRANCIS GORE (4th son of Sir Paul Gore, see Earl of Arran), of Artarman, co. Sligo, Knt. M.P. for that county 1661, lieut.-col. Chidley Coote's regt. of foot, 1660, had a grant of lands in cos. Kilkenny, Sligo, and Galway, 1660; he m. Anne, dau. of Capt. Robert Parke, of Sligo and of Newtown, co. Leitrim [she re-m. to Percy Gethin (BART.), and d. Feb. 1713], having had with other issue 5 sons.

[1] Sir Robert, of Newtown Gore, d. Dec. 1705, having m. Feb. 1678, Frances, eldest dau. of Sir Thomas Newcomen, knt., of Sutton, co. Dublin; she d. 1 Mar. 1725, having had with 8 daus. 7 sons, of whom the 4th,

NATHANIEL, of Artarman and Newtown Gore, b. 1692; m. 23 July, 1711, Lettice, only dau. and heir of Humphrey Booth, of Dublin, and had with 3 daus. 2 sons, of whom the elder,

Sir Booth, was created a BARONET 30 Aug. 1760.

[2] Paul of Comtown, co. Kilkenny, m. Dorcas, 2nd dau. of Thomas Whyte, of Red Hills, co. Cavan, and had issue.
[3] Francis, m. dau. of Col. Tyffan, and had a son, Tyffan.
[4] Ralph, merchant and alderman of Dublin, lord mayor, 1711, d. 25 Jan. 1718, having m. Isabella Spring; she d. 1 Feb. following.
[5] Richard, of Sligo, m. 1696, Gertrude, dau. of Arthur Hyde, of Castle Hyde, co. Cork, and had with two daus. an only surviving son,

RICHARD, of Seaview, co. Wicklow, m. Anne, dau. of Wm. Gore, M.P. Kilkenny, and had 2 sons and 6 daus. His grandson,

RICHARD, of Dublin and Lousarville, King's co. formerly 14th dragoons (younger son of Arthur Gore and Mary Fleming); d. July, 1824, having m. 1794, Amelia, dau. of John Kelly, of Dublin; d. 24 July, 1852, having had (by her 1st husband) with other issue 2 sons and a dau.
(1) Richard Thomas, F.R.C.S.I.; b. 10 Oct. 1799; d. 14 Nov. 1861, having m. 1 Aug. 1837, Louisa, dau. of Archibald Armstrong, of Grenada and Trinidad, W.I. and had 2 sons and 2 daus.
/1/ Richard John, b. 13 Sept. 1838.
/2/ Henry, b. 9 Feb. 1842.
/3/ Amelia. /4/ Louisa Mary.
(2) William Henry, b. Mar. 1805.
(3) Mary, d. s.p. 17 Sept. 1864, having m. 1st—H. Cochrane, and 2ndly—Jules Fornier, of France.

SIR BOOTH GORE, of Lissadell, co. Sligo, created a BARONET of Ireland 30 Aug. 1760; d. 22 Aug 1773, aged 61, having m. 23 Dec. 1743, Emily, dau. of Brabazon Newcomen, of Tallanstown, co. Louth; she d. in Nov. 1778, having had 2 sons,

[1] Sir Booth, of Lissadell, co. Sligo, of Huntercombe House, Bucks, and of Salford, Chesh. 2nd Baronet, d. unm. 17 June, 1804, and was s. by his brother, viz.

SIR ROBERT NEWCOMEN GORE-BOOTH, 3rd Baronet, who assumed by sign manual 10 Aug. 1804, the additional surname and arms of Booth; d. 23 Oct. 1814, having m. 10 Nov. 1804, Hannah, dau. of Henry Irwin, of Streamstown, co. Sligo, and had 2 sons and a dau.

[1] Sir Robert, s. as 4th Baronet.
[2] Henry, Scots fusilier guards, b. 11 April, 1809; d. 23 July 1881, having m. 8 Jan. 1834, Isabella, 3rd dau. of James Smith, of Jordan Hill, co. Renfrew, and had 5 sons and 4 daus.
(1) Robert Henry, b. 16 Dec. 1838.
(2) James (Artarman, Row, Dumbarton, N.B.), col. late R.E.; b. 22 Sept. 1840; m. 29 July, 1870, Louisa Charlotte, dau. of Henry Trench, of Cangort Park, King's co. (B. ASHTOWN), and has a son and 2 daus.
Douglas Bloomfield, lt. Dorset regt. b. 15 Nov. 1875; d. in S. Africa 17 Jan. 1900.—Georgiana Isabella Susan, m. 1898, Frederick St. J. Gore, who d. 1903 (GORE,—BART.).—Ethel Nora.
(3) Edmond Henry, b. 2 April, 1846; d. 1904.
(4) Rev. Henry Francis, rector of Sacred Trinity, Salford, Manchester, 1884-1891; b. 27 Dec. 1848; d. 1905.
(5) Reginald Newcomen Henry, b. 2 Sept. 1850.
(6) Mary Isabella, d. 6 Mar. 1877, having m. 26 Jan. 1861, as 1st wife, Samuel Sandbach Parker, of Aigburth, Liverpool (who d. 20 Oct. 1903, having m. 2ndly—29 April, 1879, Emily Ethel Knatchbull, eldest dau. of Lieut.-Col. F. M. Birch, Bengal S.C. and had issue), and had with other issue 3 sons and a dau.
Charles Sandbach PARKER (Thornton Hough, Cheshire), b. 1 Nov. 1864; m. 14 June, 1906, Harriette Dorothy, younger dau. of E. G. B. Meade-Waldo, of Stonewall Park, Edenbridge.—James Alfred, b. 13 April, 1866.—Frederic George, b. 3 July, 1870; d. 12 Oct. 1888.—Edmund Henry, b. 14 Mar. 1872.—Ernest Edward, b. 15 Jan. 1873.—Edith Mary, m. Charles Thomas, son of Hon. T. C. Bruce.
(7) Caroline Joanna (Auchenlea Row, co. Dumbarton), m. 7 July, 1868, James Wallis Dennistoun, of Dennistoun, N.B. late lieut. R.N. and has a son and a dau.
James George DENNISTOUN, capt. R.H.A. b. 24 May 1871.—Isabella Caroline, m. 20 Oct. 1902, Rev. H. H. Henson, canon of Westminster and rector of St. Margaret's.
(8) Joanna Arabella.
[3] Anne, m. 7 Dec. 1829, Robert, Viscount Lorton, afterwards 6th Earl of Kingston; he d. 16 Oct. 1869.

SIR ROBERT GORE-BOOTH, of Lissadell, co. Sligo, 4th Baronet, M.P. 1850/76, lord-lieut. and custos rotulorum for that co.; b. 25 Aug. 1805; d. 21 Dec. 1876, having m. 1st—23 Mar. 1827, Caroline, 2nd dau. of Robert Edward, 1st Viscount Lorton; she d. 13 Jan. 1828, s. p. He m. 2ndly—2 April, 1830, Caroline Susan, 2nd dau. of late Thomas Goold, of Dublin, a master in Chancery; she d. 15 Jan. 1855, having had 2 sons and 3 daus.

[1] Robert Newcomen, lieut. 4th light dragoons; d. 29 Oct. 1861, aged 30, having m. 4 Sept. 1850, Mary, 2nd dau. of R. E. Egerton-Warburton, of Arley Hall, Chesh. (EGERTON—Bt.). She re-m. 4 Nov. 1865, John Ussher.
[2] Sir Henry William, s. as 5th Baronet.
[3] Emily Frances Graham, m. 24 June, 1860, to Capt. Charles Henderson Wynne, of Cloghereevagh, co. Sligo, J.P. clerk of the peace for Sligo, formerly 90th regt. and capt. Sligo rifles; he d. 1891, having had 2 sons and a dau.
Graham Owen Robert WYNNE (15, Brompton Square, S.W.), late capt. 18th R. Irish regt.; b. 22 July 1862; m. 7 July, 1896, Hon. Maud, dau. of Lord Morris and Killanin, P.C.—Henry Edward, b. 7 May, 1865.—Caroline Susan Augusta, d. 1 April, 1892.
[4] Augusta Elizabeth, d. unm. 13 March, 1906.
[5] Fanny Stella Anne, d. 1887, having m. 1 Nov. 1870, Owen Wynne, of Hazlewood, co. Sligo (M. ORMONDE), J.P. and D.L. high sheriff 1875, late 61st regt. and has 4 daus.
Muriel Caroline Louisa WYNNE, m. Phillip, son of late A. Perceval, of Temple House.—Evelyn Mary, m. 1901, Henry, son of C. L'Estrange, of Kelvinstort.—Madeleine Mary.—Dorothy Adelaide.

SIR HENRY WILLIAM, 5th Baronet, high sheriff co. Sligo 1872; b. July, 1843; d. 13 Jan. 1900, having m. 29 April, 1867, Georgina Mary, only dau. of Col. Hill, of Tickhill Castle, Yorks. by Lady Frances his wife (E. SCARBOROUGH), and has 2 sons and 3 daus.
(1) Sir Josslyn Augustus Richard, 6th and present Baronet.
(2) Mordaunt, heir presumptive to the Baronetcy, b. 5 Dec. 1878.
(3) Constance Georgine, m. 29 Sept. 1900, Casimir de Markievicz, of Zywotowka, Poland. (4) Eva Selina.
(5) Mabel Olive, m. 1 Dec. 1909, Charles Perceval Foster, 2nd son of John Foster, of Coombe Park, Whitchurch, Reading.

Page from Lodge's Peerage, Baronetage and Knightage, 1907; the entry for Constance Gore-Booth begins four lines from the end.